

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

Is é fís SFÉ (IBTS) ná seirbhís fuilaistriúcháin a chuireann cúram sláinte fuilaistriúcháin den chéad scoth ar fáil do mhuintir na hÉireann.

# Plean Straitéiseach

2017–2020

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 2 |
| Tús Eolais | 5 |
| Struchtúr Rialachais | 8 |
| Cé Muid Féin | 10 |
| Comhthéacs do Phlean Straitéiseach 2017 – 2020 | 13 |
| Treo Straitéiseach | 17 |

# Réamhrá

Is mór an phribhléid agus pléisiúr é ár straitéis nua le haghaidh 2017 to 2020 a chur faoi do bhráid. Tá ár gcuspóir mar an gcéanna, is é sin, freastal ar riachtanais fuilaistriúcháin mhuintir na hÉireann agus sheirbhísí sláinte na hÉireann, ach tá an saol ina mbímid ag obair tar éis athrú ó bhonn ó bunaíodh an eagraíocht seo. Tá riachtanais sheirbhísí sláinte na hÉireann tar éis athrú chomh maith, agus beidh an t-athrú ina ghné leanúnach dár n-obair sna blianta amach romhainn.

Tá ár luachanna ag croílár ár n-eagraíochta, – Feabhas na Seirbhísí, Iontaoibh, Meas, Foghlaim, Cuntasacht agus Obair Foirne. Tá ár gcuid oibre go léir bunaithe orthu sin. Is é ár bhfís ná seirbhísí sábháilte slána fola agus fíocháin dhaonna den chéad scoth a fhorbairt do mhuintir na hÉireann; is é ár misean ná freastal ar riachtanais othar trí ghairmiúlacht ár bhfoirne agus féile ár ndeontóirí. Déanfaimid seo go léir a chothú, a fhás agus a fhorbairt.

Is é ceann de na gnéithe is mó a théann go croí ionam i mo chuid oibre i SFÉ ná bualadh lenár bhfoireann, ár ndeontóirí, ár n-eagraithe deonacha agus go háirithe lenár bhfaighteoirí, dream a mbíonn cuid acu ag insint a scéalta pearsanta ag gach aon cheann dár n-ócáidí bronnta. Cuireann sé seo beocht inár gcuid oibre, agus feicimid an tionchar as an ngnách a bhíonn ag ár ngnó ó lá go lá ar shaol daoine eile. Seo an rud a bhíonn ag tiomáint ár mbaill foirne agus ár mBoird ó lá go lá.

Is minic nach mbíonn i straitéisí ach maisiúcháin ar sheilfeanna. Ní bheidh an ceann seo ag bailiú deannaigh. Sna blianta beaga amach romhainn, cloífidh SFÉ lena príomhluachanna, fad is a tharraingeoidh sí athrú chuici féin, ar mhaithe leis an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil dár seirbhís sláinte, agus do mhuintir na hÉireann, idir dheontóirí atá iontach flaithiúil agus ár n-othair ilghnéitheacha de gach aois, idir dhaoine nach bhfuil ar an saol go fóill agus sheanóirí, i ngach aon chearn den tír.

Anthony Staines





"Is eagraíocht náisiúnta í SFÉ atá freagrach as fuil agus táirgí fola a bhailiú, a phróiseáil, a thástáil agus a dháileadh in Éirinn. Braitheann sí go huile is go hiomlán ar fhéile deontóirí nach bhfaigheann íocaíocht chun go leor deonachán a chur ar fáil."

# Tús Eolais

Is eagraíocht náisiúnta í SFÉ atá freagrach as fuil agus táirgí fola a bhailiú, a phróiseáil, a thástáil agus a dháileadh in Éirinn. Braitheann sí go huile is go hiomlán ar fhéile deontóirí nach bhfaigheann íocaíocht chun go leor deonachán a chur ar fáil, ar mhaithe le soláthar comhsheasmhach fola agus comhchodanna fola d'othair a chinntiú.Is cuid ríthábhachtach í de chúram sláinte nua-aimseartha agus cuireann sí fuil, comhchodanna fola agus táirgí fola ar fáil d'othair. Maoinítear í trí mhuirear ar a táirgí agus a seirbhísí a ghearradh ar ospidéil ar phraghas a chomhaontaítear leis an Roinn Sláinte.

Agus í mar Ghníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála, tá a socruithe rialachais leagtha amach sa Chód Cleachtais athmheasta um Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit. Tá freagracht rialachais SFÉ ar an mBord. Bíonn siad ceaptha ag an Aire Sláinte agus tá dáréag comhaltaí ann. Ar mhaithe le cabhrú leis an mBord a fheidhmeanna a chur i gcrích, tá roinnt Fochoistí ann a bhíonn ag plé le gnéithe ar leith de ghnó na heagraíochta, mar atá, an Coiste Comhairleach Leighis, an Coiste Airgeadais, an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí agus an Coiste um Fheidhmíocht agus Forbairt. Tá cur síos soiléir ar rólanna agus dualgais i gceist idir an Bord agus an Feidhmeannas.

Leagann Ionstraim Reachtúil 78 de 1965 amach feidhmeanna SFÉ mar seo a leanas:

a. smacht a ghabháil ar mhaoin (ábhair i gcaingean san áireamh), sócmhainní, cearta agus dliteanais na Cuideachta:

b. seirbhís fuilaistriúcháin a eagrú agus a riar (rud ar a dtabharfar "an tSeirbhís" as seo amach), lena n-áirítear próiseáil nó soláthar díorthaigh fola nó táirgí eile fola, tástálacha grúpa fola agus tástálacha eile maidir le samplaí fola a bhíonn faighte ag an mBord;

c. fuil agus táirgí fola a chur ar fáil;

d. trealamh nó imoibrithe a bheadh oiriúnach d'úsáid na seirbhíse a chur ar fáil;

e. a leithéid de mhuirir a ghearradh (más ann dóibh) de réir mar a mheasann an Bord a bheith cuí, ar na seirbhísí a bhfuil tagairt dóibh ag (b), (c) agus (d) thuas agus, nuair a thugann an tAire treoir ar bith maidir lena leithéid de mhuirir, cloí lena leithéid de threoir;

f. comhairle, eolas agus cúnamh maidir le gné ar bith den tseirbhís a thabhairt don Aire, d'údarás sláinte nó údarás ospidéil ar bith;

g. foráil riachtanach ar bith a dhéanamh do phoiblíocht maidir leis an tseirbhís;

h. taighde agus oiliúint agus teagasc daoine a eagrú, a chur ar fáil, cabhrú leo nó iad a spreagadh maidir le fuilaistriúchán agus ullmhú táirgí fola agus

i. comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí eile a bhfuil feidhmeanna eolaíocha den chineál céanna acu.

Leasaíodh na feidhmeanna seo in 1988, 2000 agus 2003, agus na feidhmeanna breise seo a leanas curtha leo:

Seirbhís taiscthe súl a eagrú agus a riar.

Seirbhís a eagrú agus a riar chun tuairiscí a fháil agus a mheasúnú faoi éifeachtaí gan choinne nó éifeachtaí neamh-inmhianaithe aistrithe fola nó comhchodanna fola a bhíonn curtha ar fáil ag an mBord, lena n-áirítear tuairiscí a chur ar fáil don Údarás Rialála Táirgí Sláinte faoi éifeachtaí gan choinne nó éifeachtaí neamh-inmhianaithe aistriú a leithéid d'fhuil nó de chomhchodanna fola.

"Caithfimid cur leis an dul chun cinn a rinneadh ó cuireadh Plean Straitéiseach 2013 – 2016 i bhfeidhm agus freagra a thabhairt ar na héilimh athraitheacha atá ag ospidéil, rialtóirí, deontóirí agus muintir an phobail, agus iad ag súil leis an gcaighdeán táirgí agus soláthair seirbhíse is fearr dá bhfuil ann."

Leasaíodh an Ionstraim Reachtúil in 2012 chun an fhreagracht a aistriú as soláthar comhdhlúthúcháin toisc téachta nach bhfuil fuil nó táirgí fola iontu, agus gníomhaithe bitheolaíocha leighis eile, lena n-áirítear ullmhúcháin próitéine athchuingrí a úsáidtear i gcóireáil neamhoird téachta agus neamhord ó bhroinn nó faighte eile a bhfuil leibhéil laghdaithe de, nó foirmeacha mífheidhmiúla próitéiní plasma ag baint leo, aistríodh an fhreagracht astu go hOspidéal San Séamas.



# Struchtúr Rialachais


## Bainistiú Oibríochtúil

Déantar eagrú na hoibre trí roinnt feidhmeanna a eagraítear go náisiúnta .i. Oibríochtaí, Leigheas, Cáilíocht agus Cloí, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Is é an príomhchomhlacht cinnteoireachta ná an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin, dream a bhfuil córas déabhlóidithe buiséadach acu. Tá an chairt a léiríonn an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin atá ann faoi láthair i gceangal leis seo. Tá an cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath in éineacht leis an ionad tástála agus próiseála. Tá foirne bailiúcháin i mBaile Átha Cliath, ceann amháin i gCorcaigh, Ceatharlach, Luimneach, Baile Átha Fhirdhia agus Tuaim, chomh maith le clinicí seasta deonachán i mBaile Átha Cliath (2) agus ceann amháin i gCorcaigh.

## Timpeallacht Ghnó

Tá SFÉ ag oibriú i dtimpeallacht atá thar a bheith rialaithe.Tá na dálaí atá ann cosúil leo siúd atá i gceist sa tionscal cógaisíochta. Cinntítear seirbhís fuilaistriúcháin shábháilte trí chomhoibriú dlúth idir SFÉ agus cliniceoirí i mbainistiú na ngnéithe den phróiseas fuilaistriúcháin a bhfuil siad freagrach astu. Ní ceadmhach ach fuil a bhíonn deonaithe ag deontóirí a bhíonn roghnaithe go cuí agus a thástáiltear le haghaidh gníomhaithe ionfhabhtacha in-tarchurtha fuilaistriúcháin, ní ceadmhach ach a leithéid d’fhuil a eisiúint le haghaidh fuilaistriúcháin

Is é an fhadhb nádúrtha dhosheachanta atá ann ná gur dual go mbíonn fuilaistriúchán thíos go minic le hionsaithe ó víris agus foirmeacha eile ionfhabhtacha. D’fhéadfaí gurb é an bhagairt is mó ar sholáthar sábháilte fola ná teacht chun cinn víris nua nó galair ionfhabhtaigh nua nach bhfuil a bhonn eolaíoch / eipidéimeolaíoch an-soiléir agus nach bhfuil tástáil ar bith forbartha lena aghaidh.Faoi mar a thuigfeá, chomh luath agus is eol dúinn go bhfuil víreas/galar ionfhabhtach áirithe in-tarchurtha, tá dochar déanta aige cheana nó daoine á marú aige fiú. Ní thiocfaidh deireadh leis an mbagairt seo choíche, agus tá gá le cur chuige foirmiúil eolaíoch le dul i ngleic leis sin seachas freagra a thabhairt ar gach bagairt de réir mar a thagann sí chun cinn. Tá bearta áirithe is féidir a dhéanamh chun teorainn a chur leis an nochtadh má chruthaítear go bhfuil in-tarchurthacht i gceist. Ghlac SFÉ leis an mbeartas seo sa bhealach a phléigh sí go háirithe leis an mbagairt ó vCJD agus éilliú baictéarach i bpláitíní. Leanfaimid de chur chuige mar seo in ainneoin na timpeallachta eacnamaíche fíordhúshlánaí atá ann.


AN BORD
AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN
AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
OIBRÍOCHTA – AN SLABHRA SOLÁTHAIR CÁILÍOCHT
AGUS CLOÍ NITHE LEIGHIS AGUS EOLAÍOCHA
ACMHAINNÍ DAONNA
AIRGEADAS
AN COISTE COMHAIRLEACH LEIGHIS (CCL)
AN COISTE AIRGEADAIS
AN COISTE UM INIÚCHÓIREACHT, RIOSCA AGUS CLOÍ
AN COISTE UM FHEIDHMÍOCHT AGUS FORBAIRT

# Ár gCuspóir

Is é bunchuspóir SFÉ ná freastal ar riachtanais fuilaistriúcháin na n-othar in Éirinn.

# Ár Misean

Tá SFÉ tiomanta don fheabhas i bhfreastal ar riachtanais othar trí ghairmiúlacht ár bhfoirne agus féile ár ndeontóirí.

# Ár bhFís

Cuireann ár seirbhís seirbhísí fuilaistriúcháin agus seirbhísí fíocháin dhaonna ar fáil do mhuintir na hÉireann, agus na seirbhísí sin sármhaith, sábháilte, slán agus iontaofa.

# Táimid ag iarraidh go mbeidh a fhios ag

## Othair

go mbeidh an fhuil a gheobhaidh siad chomh sábháilte agus is féidir

## Deontóirí

gur mór againn iad, go bhfuil meas againn orthu agus go dteastaíonn uainn go mbeidh siad sásta lena n-eispéireas

## Lucht cúram sláinte

go gcloíonn na táirgí agus seirbhísí a chuirimid ar fáil leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde dá bhfuil ann, go bhfuil siad riachtanach dóibh chun gur féidir leo a spriocanna a bhaint amach, agus go bhfuil luach maith ar airgead ag baint leo de réir na n-acmhainní a úsáidtear.

# Is éard atá i gceist lenár bhfís a bhaint amach ná

## Torthaí níos fearr d'othair

**Beidh a fhios ag othair go bhfuil sábháilteacht agus éifeachtúlacht na dtáirgí a chuirimid ar fáil le haghaidh fuilaistriúcháin mar phríomhthosaíocht ag SFÉ**

## Earcaíocht agus coinneáil fheabhsaithe deontóirí

**Beidh eispéireas sásúil agus taitneamhach ag deontóirí nuair a bhíonn siad ag deonú fola, rud a fheabhsóidh dílseacht deontóirí**

## Seirbhísí cliniciúla feabhsaithe do bhaill foirne cúram sláinte

**Gheobhaidh baill foirne cúram sláinte seirbhísí cliniciúla a chuirfidh ar a gcumas an tseirbhís fuilaistriúcháin is fearr is féidir a chur ar fáil dá n-othair**

# Ár Luachanna

- Feabhas Seirbhíse
- Macántacht
- Meas
- Foghlaim
- Cuntasacht
- Obair Foirne

**“Tá athrú suntasach déanta ar an SFÉ le deich mbliana anuas i ngach gné dá gnó. Tá sofaisticiúlacht mhéadaithe ag baint leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear, athruithe ar shonraíocht táirgí a dhéantar trí fhreagra a thabhairt ar ionfhabhtuithe éiritheacha agus athrú ar an mbealach a dhéanaimid ár ngnó.”**



# Comhthéacs do Phlean Straitéiseach 2017 – 2020

Tá athrú suntasach déanta ar an SFÉ le deich mbliana anuas i ngach gné dá gnó. Tá sofaisticiúlacht mhéadaithe ag baint leis na teicneolaíochtaí a úsáidtear, athruithe ar shonraíocht táirgí a dhéantar trí fhreagra a thabhairt ar ionfhabhtuithe éiritheacha agus athrú ar an mbealach a dhéanaimid ár ngnó.

Tá an timpeallacht ina bhfuil SFÉ ag oibriú ag athrú de shíor agus má tá SFÉ le fanacht "úrscothach" agus srian ar a hacmhainní, beidh gá le bealach nua le gnó a dhéanamh, chomh maith le heagraíocht níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla atá solúbtha, lúfar agus é de chumas aici freagra a thabhairt ar an iliomad dúshlán a bheidh romhainn sa tréimhse 2017 – 2020. Caithfear seo a bhaint amach taobh istigh de chreat ina gcuirfear luach níos fearr ar airgead ar fáil i dtimpeallacht eacnamaíoch atá ag athrú de shíor.

Caithfimid cur leis an dul chun cinn a rinneadh ó cuireadh Plean Straitéiseach 2013 – 2016 i bhfeidhm agus freagra a thabhairt ar na héilimh athraitheacha atá ag ospidéil, rialtóirí, deontóirí agus muintir an phobail, agus iad ag súil leis an gcaighdeán táirgí agus soláthair seirbhíse is fearr dá bhfuil ann.

Tá SFÉ tar éis teacht chuig deireadh téarma a plean reatha straitéisigh agus má táthar chun Plean Straitéiseach nua a fhorbairt, tá sé riachtanach go ndéanfar anailís ar an timpeallacht ina bhfuil SFÉ ag oibriú le cur leis an bPlean Straitéiseach nua. Rinneadh seo de réir na samhla PESTEL agus tá cur síos ar na pointí suntasacha thíos.

## Anailís PESTEL

### Tosca polaitiúla

Tá sé mar thosaíocht ag SFÉ caidreamh leis an Roinn Sláinte agus le FSS a bhainistiú agus a chothú.
Tá SFÉ cuntasach don Aire Sláinte agus is í FSS ár bpríomhchustaiméir. Is dóchúil go dtarlóidh athrú ar sholáthar an chúraim sláinte san eagraíocht i rith shaolré an Phlean Straitéisigh seo, agus d'fhéadfadh sé seo tionchar suntasach a imirt ar an mbealach a chuireann SFÉ a cuid seirbhísí ar fáil. Tá Tuarascáil Sláintecare an Choiste de chuid Thithe an Oireachtais um Chúram Sláinte Amach Anseo, rud a críochnaíodh le déanaí, tá sí ag beartú comhaontú ar fud an speictrim pholaitíochta ar threo beartais fhadtéarmaigh do chóras cúram sláinte na hÉireann.Chuirfeadh a leithéid de chur chuige méid áirithe cobhsaíochta ar fáil, rud a chabhródh le SFÉ agus le FSS seirbhísí fuilaistriúcháin a chur ar fáil a dhéanfadh an freastal is fearr ar riachtanais na n-othar.

Tabharfar isteach éifeachtúlacht bhreise oibriúcháin agus seirbhíse i rith thréimhse an Phlean Straitéisigh seo fad is atá athrú ag teacht ar an timpeallacht náisiúnta caidrimh thionsclaíoch agus srianta earcaíochta ann.D'fhéadfadh timpeallacht dhúshlánach thionsclaíoch dul i bhfeidhm ar ár gcumas athrú breise a dhéanamh go tráthúil.

## Tosca eacnamaíocha

Tá an caiteachas ar chúram sláinte tar éis méadú agus is dóchúil go leanfar den mhéadú seo. Ach ní fhágann seo go mbeidh acmhainní breise ar fáil do SFÉ ná go mbeidh méadú suntasach ar úsáid ár dtáirgí. Beidh tionchar mór ag an mBreatimeacht ar gheilleagar na hÉireann, ach i láthair na huaire, ní léir go fóill céard a bheidh i gceist. Anuas air sin, tá beartais an rialtais nua Mheiriceánaigh i gceist, rudaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar gheilleagar na hÉireann chomh maith, go háirithe ar infheistíocht dhíreach eachtrach agus ar fhostaíocht. D'fhéadfadh na ceisteanna seo go léir tionchar diúltach a imirt ar SFÉ.

Tá laghdú thart ar 14% ar úsáid fola agus laghdú 10% ar úsáid pláitíní tar éis tarlú le deich mbliana anuas. Níl an chuma air go bhfuil maolú ag teacht air seo agus téann sé i bhfeidhm go díreach ar ioncam SFÉ. In 2017, chuir SFÉ praghsáil atá bunaithe ar ghníomhaíocht i bhfeidhm agus beidh sé seo mar bhunús lenár samhail mhaoiniúcháin faoi cheann tamaillín.

Tabharfaidh an laghdú úsáide agus laghdú ioncaim dá bharr ar SFÉ leanúint de laghdú a dhéanamh ar ár gcostais agus luach níos fearr ar airgead a chur ar fáil. Ach ná déanadh sé seo laghdú ar cháilíocht ár dtáirgí agus ár seirbhísí a bhímid á soláthar d'othair agus deontóirí.

## Tosca socheolaíocha

Léiríonn daonra 2011 gur tháinig méadú 122,028 ar dhaonra na hÉireann, méid arbh ionann é agus 2.6% thar thréimhse 5 bliana. Ba é an daonra measta in Iúil 2011 ná 4.72 milliún duine. Tá líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois agus os a chionn tar éis méadú i ngach daonáireamh ó 1961, bliain ina raibh 315,000 acu, go 541,404 in 2011. Is ionann an chatagóir seo anois agus 11.6% den daonra. Níltear ag súil leis go mbeidh sé mar thoradh ar an athrú ar an gcohórt aoise seo go mbeidh méadú ar an éileamh fola i rith shaolré an Phlean seo.

In 2011, bhí 766,770 eachtrannach ó 188 tír éagsúil ina gcónaí in Éirinn. Cé go bhfuil laghdú tar éis teacht ar an líon seo mar gheall ar an gcúlú eacnamaíoch, is gné thábhachtach é go fóill i soláthar seirbhísí amach anseo. Sampla de seo ná an méadú ar líon na n-othar a bhfuil galar corráncheallach orthu.

Tharla daonáireamh in 2016 ach níl ach na torthaí ardleibhéil ar fáil i láthair na huaire. Tá méadú ar an daonra foriomlán agus cé go bhfuil an ráta breithe láidir go fóill, tá an daonra ag dul in aois mar sin féin, rud a mbeidh tionchar aige ar sholáthar cúram sláinte sna ceithre bliana amach romhainn. Déanfaimid athmheas ar an ngné seo den PESTEL nuair a bheidh tuarascáil iomlán an daonáirimh ar fáil.

## Tosca teicneolaíocha

Tá an dul chun cinn teicneolaíoch i dtaisceadh fola le deich mbliana anuas tar éis sábháilteacht na n-othar a fheabhsú. Agus í tar éis glacadh go luath le teicneolaíochtaí nua, tá SFÉ ar thús cadhnaíochta i gcuid mhór de na forbairtí seo. Tá a dhúshláin féin ag baint leis seo.Ar mhaithe le cinntiú go bhfuil sé de chumas againn measúnú ceart a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí seo, caithfimid grúpa neamhspleách

maoirseachta a bhunú chun an chomhairle chuí a chur ar fáil faoin gcur chuige ceart.

Tá sé mar phríomhthosaíocht againn go fóill fuil atá chomh sábháilte agus is féidir a chur ar fáil, agus cabhróidh bealaí nua nuálaíocha le leas a bhaint as forbairtí teicneolaíochta nach n-ídíonn acmhainní móra, trí chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le forais eile taiscthe fola, cabhróidh siad linn é seo a bhaint amach.Is é an dúshlán is mó atá roimh SFÉ ná fanacht mar eagraíocht nua-aimseartha ó thaobh dul chun cinn teicneolaíoch de, fad is a théann sí i ngleic le srianta airgeadais.


## An Timpeallacht

Tá béim níos mó ar chúrsaí Glasa anois agus leanfaidh sé seo de thionchar a imirt ar SFÉ. Leanfar d'athrú a dhéanamh ar an mbealach a dhéanaimid dramhaíl chliniciúil a dhiúscairt. Chomh maith leis sin, caithfidh SFÉ athbhreithniú a dhéanamh ar a lorg carbóin, go háirithe san Ionad Náisiúnta Fola (INF) agus na bearta cuí a dhéanamh chun é a laghdú. Caithfear an t-ionad nua atá beartaithe do Chorcaigh a thógáil ar bhealach a dhéanfaidh a laghad dochair don chomhshaol agus is féidir. Tá fás leanúnach ag teacht ar réim na rialachán Sláinte agus Sábháilteachta agus beidh gá le bainistiú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu.

## Cúrsaí Dlí

Tá an timpeallacht rialaitheach fola agus fíocháin ag éirí níos déine agus méadú ag teacht ar na caighdeáin ar gá cloí leo. Tá athruithe suntasacha ag teacht i gcúrsaí fíocháin agus tá Treoir Fola an AE faoi athbhreithniú i láthair na huaire agus tarlóidh athruithe i rith thréimhse an Phlean seo. Leanfaidh athruithe ar an dlí fostaíochta de thionchar a imirt ar an mbealach a bhainistíonn SFÉ a foireann. Tá athruithe leanúnacha ag teacht ón Aontas Eorpach a fhágann gur gá dúinn athruithe a dhéanamh ar ár mbeartais agus ar ár nósanna imeachta. Caithfear ceist rialachais na hOifige Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) a réiteach, ionas go mbeidh socruithe rialachais cuí i bhfeidhm sa réimse seo.

"Tá sé mar phríomhthosaíocht againn go fóill fuil atá chomh sábháilte agus is féidir a chur ar fáil, agus cabhróidh bealaí nua nuálaíocha le leas a bhaint as forbairtí teicneolaíochta nach n-ídíonn acmhainní móra, trí chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí le forais eile taiscthe fola, cabhróidh siad linn é seo a bhaint amach."




**"Agus an Plean Straitéiseach á fhorbairt le haghaidh 2017 go 2020, tá SFÉ tar éis modh an Scórchárta Ualaithe a úsáid arís agus b'eispéireas thar a bheith luachmhar é seo. Táimid tar éis dul i gcomhairle go forleathan le daoine ar fud na heagraíochta chun an oiread tuairimí difriúla a fháil agus is féidir."**

# Treo Straitéiseach

Agus an Plean Straitéiseach á fhorbairt le haghaidh 2017 go 2020, tá SFÉ tar éis modh an Scórchárta Ualaithe a úsáid arís agus b'eispéireas thar a bheith luachmhar é seo. Táimid tar éis dul i gcomhairle go forleathan le daoine ar fud na heagraíochta chun an oiread tuairimí difriúla a fháil agus is féidir.Ba chleachtadh thar a bheith fiúntach é seo agus chuir sé ionchur thar a bheith luachmhar ar fáil d'fhorbairt an Phlean Straitéisigh seo. Mar sin tá Léarscáil Straitéise forbartha againn, agus í bunaithe ar na ceithre phríomhcholún de mhodheolaíocht an Scórchárta Ualaithe. Is iad na colúin seo ná Páirtí Leasmhar/an Rialtas, Cliaint/Comhpháirtithe, an Próiseas Inmheánach, Foghlaim agus Fás.

Seo a leanas cúig théama atáimid tar éis a fhorbairt uaidh seo:

- Feabhas na Seirbhísí Deontóirí
- Soláthar Sábháilte Inbhuanaithe
- Feabhas na Seirbhísí Ospidéil
- Caidreamh agus Comhoibriú Éifeachtach
- Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Thógáil

## 1. Feabhas na Seirbhísí Deontóirí

Leanfaimid d'athbhreithniú agus athrú a dhéanamh ar ár slabhra soláthair trí úsáid níos fearr a bhaint as ár mbonn deontóirí agus réamhaisnéis ag leibhéal an ghrúpa fola; cuirfimid deiseanna deonaithe ar fáil do dheontóirí, agus iad éifeachtúil agus cost-éifeachtúil, agus beidh clár cuí againn a bhainisteoidh folláine na ndeontóirí. Beidh orainn samhlacha nua bailiúcháin a fhorbairt le dul in oiriúint do stíleanna maireachtála athraitheacha ár ndeontóirí. Tá gá leis seo go háirithe i mBaile Átha Cliath agus i mbailte/cathracha móra eile.

## 2. Soláthar Sábháilte Inbhuanaithe

Tosaítear soláthar sábháilte inbhuanaithe le tuiscint ar eipidéimeolaíocht áitiúil agus idirnáisiúnta a ligeann do SFÉ ullmhú le haghaidh treochtaí éiritheacha i víris atá ann cheana agus monatóireacht a dhéanamh ar bhagairtí éiritheacha. Anuas air sin, caithfimid forbairtí i dteicneolaíochtaí nua tástála agus próiseála a rianú agus anailís a dhéanamh orthu seo ionas gur féidir cinneadh eolach a dhéanamh ar cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear i bhfeidhm iad.Leanfaimid de chinntiú go gcruthaítear ár dtáirgí go léir de réir na gcaighdeán cáilíochta agus éifeachtúlachta is airde.

## 3. Feabhas na Seirbhísí Ospidéil

Is é an phríomhfheidhm de chuid Seirbhísí Ospidéil ná a chinntiú go bhfuil an t-aonad ceart ceall dearg agus/nó pláitíní ar fáil d'othar nuair a bhíonn siad de dhíth air/uirthi.Caithfidh trédhearcacht a bheith ag baint leis an soláthar fola atá ar fáil idir SFÉ agus na hospidéil ionas go ndéanfar bronntanas an deontóra a uasmhéadú. Beidh gá le tionscnamh nua lena aghaidh seo mar gheall ar an moill ar chur i bhfeidhm an MedLis ar fud FSS. Beidh cur ar fáil seirbhísí ar leith d'othair agus comhairle saineolaí faoi réir an téama seo chomh maith.

## 4. Caidreamh agus Comhoibriú Éifeachtach

D'fhéadfadh SFÉ a bheith scoite amach toisc go bhfuil sí taobh amuigh de phríomhstruchtúir na seirbhíse sláinte. Mar sin tá géarghá ag SFÉ le caidreamh éifeachtach a chothú le príomhpháirtithe leasmhara. Cuimsíonn sé seo an Roinn Sláinte, foirne ceannaireachta an ghrúpa ospidéal ar fud na seirbhíse sláinte, cliniceoirí agus institiúidí acadúla. Déanfar athbhreithniú ar an mbealach a dhéanann SFÉ gníomhaíocht taighde le linn shaolré an Phlean seo agus beidh orainn an luach ar an airgead seo a uasmhéadú. Tá gá chomh maith le leanúint d'obair a dhéanamh lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta agus coistí bainteacha le cinntiú go bhfaighimid an dearcadh idirnáisiúnta. Caithfimid obair a dhéanamh go dlúth lenár soláthraithe chomh maith chun luach ar airgead a uasmhéadú agus rioscaí a laghdú.

## 5. Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Thógáil

Cuimseoidh sé seo eagraíocht ardfheidhmíochta a thógáil ionas go mbeidh sé de chumas ag SFÉ a misean a chur i gcrích agus freastal ar riachtanais fuilaistriúcháin na n-othar in Éirinn. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná go mbeidh baill foirne againn a bhfuil na scileanna agus saineolas cuí acu ar fud na heagraíochta."Caithfimid leanúint de chultúr iontaoibhe, feidhmíochta agus obair foirne a chothú. Ní féidir seo a bhaint amach ach trí scileanna bainistíochta daoine ár mbainisteoirí a fheabhsú, agus tríd an Straitéis Foghlama agus Forbartha a chur i bhfeidhm. Caithfimid foghlaim chomh maith ó thorthaí an tsuirbhé foirne agus plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm ar mhaithe le díriú ar na ceisteanna cumarsáide, iontaoibhe, trédhearcachta agus ar chleachtais chuí bhainistíochta foirne. Cuid de seo ná tabhairt isteach an Chórais Feidhmíochta agus Forbartha arís in 2017.

Caithfimid a chinntiú chomh maith ní hamháin go ndéanfaidh ár gcórais faisnéise ár bpróisis a phríomhshruthú, ach go gcuirfidh siad eolas tráthúil ar fáil do chinnteoireacht chomh maith.Caithfimid féachaint le gnéithe dár seirbhísí TF a asfhoinsiú ionas gur féidir linn na hacmhainní inmheánacha a chaitheamh ar na gníomhaíochtaí a bhfuil luach níos mó orthu. Ag deireadh an Phlean seo, feicfimid feidhm TF atá athraithe go mór agus é dírithe go mór ar athrú a chur i gcrích trí theicneolaíocht.

## Scórchárta ualaithe

### Straitéis a Athrú ina Gníomh

Tá bearta agus príomhthorthaí sna cuspóirí atá leagtha amach faoi Pháirtí Leasmhar/Rialtas agus Custaiméir a bhaineann le gach ceann acu. Déantar iad seo a fhorbairt tuilleadh ansin ina sraith gníomhartha.

I gcás na gcúig théama, cuirtear iad seo i bhfeidhm trí mholtaí Próisis Inmheánaigh, agus tá siad foroinnte mar

- Bearta
- Príomhghníomhartha
- agus Tionscnaimh Straitéiseacha

Tá úinéir ag gach ceann acu seo a bhfuil sé mar fhreagracht air an gníomh a chur i gcrích chun na bearta aitheanta a bhaint amach.

Léiríonn an Léarscáil Straitéise Tosaíochtaí Straitéiseacha SFÉ sa tréimhse ó 2017 – 2020.

"Cuimseoidh sé seo eagraíocht ardfheidhmíochta a thógáil ionas go mbeidh sé de chumas ag SFÉ a misean a chur i gcrích agus freastal ar riachtanais fuilaistriúcháin na n-othar in Éirinn. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná go mbeidh baill foirne againn a bhfuil na scileanna agus saineolas cuí acu ar fud na heagraíochta."

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.
Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Ríomhphost: contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie
Líne Eolais Deontóirí 1850 731 137

arna dearadh ag CATALYSTO